

JC/GL 2024 88

---

20 Samhain 2024

---

## Treoirlínte Comhpháirteacha

---

maidir leis an gcóras arna bhunú ag na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chun faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le measúnú ar oiriúnacht agus cuibheas sealbhóirí sealúchas cáilitheach, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme institiúidí airgeadais agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ag údaráis inniúla

# Treoirlínte Comhpháirteacha maidir leis an gcóras arna bhunú ag na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chun faisnéis a mhalartú atá ábhartha maidir le measúnú ar oiriúnacht agus cuibheas sealbhóirí sealúchas cáilitheach, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme institiúidí airgeadais agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ag údaráis inniúla

---

## Stádas na dTreoirlínte comhpháirteacha seo

Sa doiciméad seo tá Treoirlínte comhpháirteacha atá le heisiúint de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach); de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (dá ngairtear le chéile na ‘Rialacháin Bhunaidh’).

Tá glacadh na dTreoirlínte le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 56, an dara fomhír, de na Rialacháin Bhunaidh.

I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin Bunaidh, ní mór do na húdaráis inniúla gach iarracht a dhéanamh chun na Treoirlínte a chomhlíonadh.

Is é is aidhm do na Treoirlínte comhpháirteacha cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA), agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach dhlí an Aontais a áirithiú maidir le húsáid an chórais arna bhunú ag ÚMEnna chun faisnéis atá ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas sealbhóirí sealúchas cáilitheach, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme institiúidí airgeadais agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a mhalartú ag údaráis inniúla i gcomhréir leis na gníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de na Rialacháin Bhunaidh.

---

Ba cheart d'údaráis inniúla lena mbaineann na Treoirínte comhpháirteacha a chomhlíonadh trí na treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mhaoirseachta nó ina gcreat rialála de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú).

## Ceanglais tuairiscithe

Is é an dáta a mheastar a chuirfear na Treoirínte comhpháirteacha seo i bhfeidhm lá foilsithe na n-aistriúchán i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh an 17.02.2025. Ina theannta sin, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh údaráis inniúla codanna de na Treoirínte comhpháirteacha ag céim níos déanaí (tráth difriúil nuair a bhaineann forálacha le daoine dlítheanacha nó nádúrtha), agus an t-am is gá chun sonraí stairiúla a chur isteach i gcóras Faisnéise ÚMEnna sula n-úsáidfear córas Faisnéise ÚMEnna á chur san áireamh.

I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin Bhunaidh, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚME lena mbaineann maidir le cé acu an gcomhlíonann siad na Treoirínte comhpháirteacha nó an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a thabhairt le neamhchomhlíonadh ar bhealach eile, faoin 22.04.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh an ÚME faoi seach go bhfuil na húdaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh chuig [[compliance@eba.europa.eu](mailto:compliance@eba.europa.eu), [compliance@eiopa.europa.eu](mailto:compliance@eiopa.europa.eu) agus [compliance.fpsguidelines@esma.europa.eu](mailto:compliance.fpsguidelines@esma.europa.eu)] leis an tagairt 'JC/GL/2024 88'. Tá teimpléad le haghaidh fógraí ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na ÚMEnna. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú.

Foilseofar fógraí ar shuíomhanna gréasáin na ÚMEnna, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin Bhunaidh.

Beidh feidhm ag na Treoirínte comhpháirteacha le linn an nós imeachta maidir le comhlíonadh agus míniú, tar éis comhairle forleathan ina leith leis na húdaráis inniúla cheana féin. Ina theannta sin, reáchtáladh dhá chomhairliúchán phoiblí, dar críoch an 2 Bealtaine 2023 agus an 15 Eanáir 2024, faoi seach. Rinne ÚMEnna idirchaidreamh freisin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus cuireadh a thuairim neamhfhoirmiúil san áireamh. Tá gá leis na Treoirínte comhpháirteacha sin chun Airteagal 31a de Rialacháin ÚMEnna a chur chun feidhme agus is chuig údaráis inniúla amháin a dhírítear iad.

## Teideal I – Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

### Ábhar

1. Soiléirítear leis na Treoirlínte seo an úsáid a bhaineann údaráis inniúla as Córas Faisnéise ÚMEnna agus an malartú faisnéise atá ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas sealbhóirí sealúchas incháilithe, stiúrthóirí agus sealbhóirí príomhfheidhme i gcomhréir leis na gníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1093/2010, Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1094/2010 agus Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1095/2010 ar bhonn Airteagal 31a de.

### Seolaithe

2. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

### Sainmhínithe

3. Maidir le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i ngníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1093/2010, in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1094/2010 agus in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 1095/2010 ar bhonn Airteagal 31a de na Rialacháin Bhunaidh, tá an bhrí chéanna leo sna Treoirlínte seo.

Measúnú

ciallaíonn sé cinneadh críochnaitheach ó údarás inniúil maidir le hoiriúnacht duine leasa i gcomhréir le forálacha eárnálacha an Aontais, ar formheas a bheadh ann, lena n-áirítear formheas intuigthe, nó diúltú, lena n-áirítear diúltú intuigthe, lena n-áirítear ag an bpointe údaraithe.

An Córas Faisnéise ÚMEnna

ciallaíonn sé ardán digiteach arna bhunú go comhpháirteach ag ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA i gcomhréir le hAirteagal 31a de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Rialacha oibriúcháin an Chórais Faisnéise ÚMEnna

ciallaíonn sé an tacar rialacha, sonraíochtaí, socruithe, próiseas agus nósanna imeachta a úsáidfidh údaráis inniúla chun an Córas Faisnéise ÚMEnna a úsáid, lena n-áirítear, ach

gan a bheith teoranta dóibh, sonraíochtaí teicniúla, socrúithe teanga, cearta rochtana agus a mbainistiú.

---

Údaráis inniúla

ciallaíonn sé údaráis mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

Institiúid airgeadais agus rannpháirtí sa mhargadh airgeadais

ciallaíonn sé institiúid airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus rannpháirtí sa mhargadh airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

---

Forálacha earnálacha an Aontais

Ciallaíonn sé forálacha na ngníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 maidir le malartú faisnéise atá ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas daoine leasa.

---

Iarraidh ar fhaisnéis

ciallaíonn sé iarraidh ar fhaisnéis atá ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas sealbhóra (a) sealúchais cháilithigh/sealúchas cáilitheach, stiúirthóra nó sealbhóra príomhfheidhme institiúide airgeadais agus rannpháirtí sa mhargadh airgeadais i gcomhréir le forálacha earnálacha an Aontais arna gcur isteach tríd an gCóras Faisnéise ÚMEanna ag údarás measúnaithe i gcomhréir leis na Treoirí seo.

---

Údarás a dhéanann iarraidh

ciallaíonn sé údarás inniúil a chuireann iarraidh ar fhaisnéis isteach.

---

Údarás a fhaigheann iarraidh

ciallaíonn sé údarás inniúil a fhaigheann iarraidh ar fhaisnéis.

---

Duine leasa

ciallaíonn sé duine nádúrtha nó dlítheanach a ndéantar measúnú air nó uirthi nó a bhfuil measúnú le déanamh air nó uirthi maidir le hoiriúnacht agus cuibheas sealbhóra (a) sealúchais cháilithigh/sealúchas cáilitheach, stiúrthóra nó sealbhóra príomhfheidhme institiúidí airgeadais agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais i gcomhréir le forálacha eanála an Aontais.

Iarratas a aistarraingt

ciallaíonn sé tarraingt siar ag an iarratasóir aon iarratais fhollasaigh nó intuigthe nó aon fhógra fhollasaigh nó intuigthe le haghaidh próiseas measúnaithe sula ndéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh.

## Teideal II – Úsáid an Chórais Faisnéise ÚMEanna

### An Córas Faisnéise ÚMEnna a úsáid

4. Chun críche na measúnuithe ar oiriúnacht agus cuibheas daoine leasa i gcomhréir le forálacha eanála an Aontais, ba cheart do na húdaráis inniúla an Córas Faisnéise ÚMEnna a úsáid, agus ar an gcaoi sin faisnéis atá ábhartha don mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas a chur isteach, a chuardach agus a iarraidh i gcomhréir leis na Treoirí seo.

### Ionchur sonraí isteach sa Chóras Faisnéise ÚMEnna

5. Ba cheart d'údaráis inniúla a dhéanann measúnú ar oiriúnacht agus cuibheas duine leasa na sonraí dá dtagraítear i mír 7 de na Treoirí seo a áireamh sa Chóras Faisnéise ÚMEnna laistigh de 2 sheachtain tar éis fógra nó iarratas a fháil ar mheasúnú ar oiriúnacht agus cuibheas (dáta iontrála).
6. I gcás ina ndéanfar measúnú breise nó nua ar dhuine leasa a ndearnadh measúnú orthu cheana féin, ba cheart iontráil nua sa Chóras Faisnéise ÚMEnna a chruthú.
7. Maidir leis an duine leasa, ba cheart an méid seo a leanas a áireamh sna sonraí atá le soláthar don Chóras Faisnéise ÚMEnna:

#### 7.1. duine nádúrtha:

- a. céadainm/céadainmneacha;
- b. sloinne/ainm teaghlaigh;

- c. dáta breithe;
- d. áit bhreithe
- e. i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ainmneacha eile (lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, ainm breithe) a úsáideann an duine (ainmneacha a dtugtar orthu freisin);

### **7.2. duine dlítheanach:**

- a. ainm dlíthiúil an duine dhlítheanaigh nó an eintitis dhlítheanaigh (lena n-áirítear giorrúchán na foirme dlíthiúla);
- b. ainmneacha a dtugtar ar an duine dlítheanach freisin;
- c. aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh (LEI);
- d. i gcás nach bhfuil LEI ar fáil, an uimhir chlárúcháin, amhail ó chlár lárnach, ó chlár tráchtála, ó chlár cuideachtaí nó ó chlár poiblí comhchosúil; agus
- e. tír chorpraithe (ceanncheathrúna);

agus maidir leis an údarás inniúil a dhéanann an measúnú:

### **7.3. i gcás duine nádúrtha agus duine dhlítheanaigh:**

- a. sonraí mar a leagtar amach thíos:
  - i. maidir le sonraí a chuirtear isteach tar éis an Córas Faisnéise ÚMEnna a bhunú: an dáta iontrála de réir mhír 5;
  - ii. i gcás sonraí stairiúla a cuireadh leis an gCóras Faisnéise ÚMEnna: an dáta ábhartha atá ar fáil don údarás inniúil (e.g. dáta cur i bhfeidhm nó fógra, cinnidh, teacht i bhfeidhm, etc.);
- b. an gníomh dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de na Rialacháin Bhunaidh faoina ndearnadh an measúnú; agus
- c. i gcás ina bhfuil sí ar fáil, uimhir thagartha an taifid atá i seilbh an údaráis inniúil.

8. Coinneofar an fhaisnéis a iontráiltear sa Chóras Faisnéise ÚMEanna faoi mhír 7 sa Chóras Faisnéise ÚMEanna go ceann uastréimhse 15 bliana ón dáta iontrála ag údarás inniúil agus ansin scriosfar go huathoibríoch í ón gCóras Faisnéise ÚMEanna. Féadfaidh údaráis inniúla tréimhsí coinneála níos giorra a chur i bhfeidhm. I gcás inar cuireadh tréimhsí coinneála níos giorra i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme, ba cheart don údarás inniúil na sonraí a bhaint den Chóras Faisnéise ÚMEnna dá réir sin tar éis dheireadh na dtréimhsí sin. Chomh maith le dul in éag na tréimhse coinneála, d'fhéadfadh na húdaráis inniúla faisnéis a scriosadh freisin ar fhógra a fháil go bhfuil an duine leasa marbh. Tá an méid thuas gan dochar

don cheart atá ag na daoine is ábhar do na sonraí lena mbaineann rochtain a fháil ar shonraí, iad a cheartú nó a léirsciosadh mar a fhoráiltear in Airteagail 17, 18 agus 19 de Rialachán (AE) 2028/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

9. Ba cheart do na húdaráis inniúla pointí teagmhála a ainmniú chun iarrataí a fháil agus freagairt dóibh agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil sa Chóras Faisnéise ÚMEnna. Ba cheart a áireamh i sonraí na bpointí teagmhála an seoladh ríomhphoist feidhmiúil a úsáidtear sa phróiseas measúnuithe oiriúnachta agus cuibhis, uimhir theileafóin an aonaid/na roinne a dhéileálann leis na measúnuithe cuí agus cearta (go roghnach) agus, i gcás na mball foirne ábhartha, an t-ainm/na hainmneacha teaghlaigh, an post, an seoladh ríomhphoist gairmiúil agus an uimhir theileafóin.
10. Ba cheart do na húdaráis inniúla liostaí na bpointí teagmhála, lena n-áirítear seoltaí ríomhphoist feidhmiúla, a choinneáil cothrom le dáta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go bliantúil ar a laghad.

### **Cuardaigh sonraí laistigh den Chóras Faisnéise ÚMEnna**

11. Sula ndéanfaidh údarás inniúil measúnú ar oiriúnacht agus cuibheas duine leasa i gcomhréir le forálacha earnála an Aontais, ba cheart don údarás inniúil breathnú sa Chóras Faisnéise ÚMEnna má tá aon údarás inniúil eile ann a bhfuil faisnéis aige faoin duine leasa sin.

## **Teideal III – Malartú faisnéise agus comhar idir na húdaráis inniúla a úsáideann an Córas Faisnéise ÚMEnna**

### **Iarrataí ar fhaisnéis a sheoladh**

12. I gcás ina léirítear le cuardach ar an gCóras Faisnéise ÚMEnna go bhfuil faisnéis ábhartha ar fáil chun críche measúnaithe, ba cheart don údarás inniúil, sula ndéanfaidh sé an measúnú, iarraidh ar fhaisnéis a chur isteach tríd an gCóras Faisnéise ÚMEnna chuig na húdaráis inniúla arna sainaitheint i gcomhréir le mír 11 ag a bhfuil faisnéis ábhartha maidir leis an duine leasa.
13. Ba cheart don údarás a dhéanann iarraidh an chúis atá leis an iarraidh, an fhaisnéis a iarrtar agus forálacha earnála an Aontais ar a mbonn atá an measúnú á dhéanamh a leagan amach.
14. Ba cheart don údarás a dhéanann an iarraidh aon doiciméad nó ábhar tacaíochta a mheastar a bheith riachtanach chun tacú leis an iarraidh a sholáthar don údarás a fhaigheann an iarraidh trí úsáid a bhaint as modhanna déthaobhacha cumarsáide lasmuigh den Chóras Faisnéise ÚMEnna. Féadfaidh údaráis inniúla malartú faisnéise a éascú trí bhíthin socrúithe comhair<sup>1</sup>.

---

<sup>1</sup> E.g. Meabhrán Tuisceana Iltaobhach ESMA maidir le Socrúithe Comhair agus Malartú Faisnéise



## Iarrataí ar fhaisnéis a phróiseáil agus freagairt dóibh

15. Déanfar malartú iarbhir na bunfaisnéise atá ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus cuibheas duine leasa go déthaobhach, idir na húdaráis a dhéanann an iarraidh agus na húdaráis a fhaigheann an iarraidh lasmuigh den Chóras Faisnéise ÚMEnna.
16. Ba cheart don údarás a fhaigheann an iarraidh, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis a leagtar amach in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus a léirítear in Airteagal 2(4) de na Rialacháin Bhunaidh, agus forálacha earnála an Aontais agus aon ghníomh dlí eile is infheidhme a bhaineann le forálacha earnála á gcur san áireamh, freagra a thabhairt ar an iarraidh laistigh de dhá sheachtain ón iarraidh a fháil agus an fhaisnéis a sholáthar nó míniú a thabhairt ar an bhfáth nach féidir an fhaisnéis a sholáthar ach ar dháta níos déanaí agus an dáta sin a shonrú. I gcás measúnú diúltach nó tarraingt siar an iarratais ar mheasúnú, ba cheart an fhaisnéis atá ar fáil faoi na cúiseanna leis an measúnú diúltach nó leis an tarraingt siar a sholáthar freisin.
17. Níor cheart don údarás iarrtha an fhaisnéis a iarradh a sholáthar i gcás ina gcuireann ceanglais rúndachta nó cosanta sonraí pearsanta a leagtar amach i bhforálacha earnála an Aontais nó in aon fhoráil dlí eile is infheidhme cosc air déanamh amhlaidh nó i gcás nach féidir leis an údarás a fhaigheann an iarraidh, ar chúiseanna oibiachtúla, an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.
18. I gcás nach féidir faisnéis a mhalartú i gcomhréir le mír 17, ba cheart don údarás a fhaigheann an iarraidh, a luaithe is féidir ach laistigh de dhá sheachtain ar a dhéanaí ón iarraidh a fháil, an t-údarás a dhéanann an iarraidh a chur ar an eolas agus na cúiseanna atá leis sin a mhíniú. Má tá sé dodhéanta i bpáirt an fhaisnéis uile a iarradh a sholáthar, ba cheart don údarás a fhaigheann an iarraidh an chuid den fhaisnéis a bhfuil a soláthar ceadaithe a sholáthar don údarás a dhéanann an iarraidh agus na cúiseanna atá le codanna eile den fhaisnéis a choinneáil siar a mhíniú.
19. Féadfaidh an t-údarás a fhaigheann an iarraidh soiléirithe a iarraidh ar an údarás a dhéanann an iarraidh maidir leis an iarraidh a fuarthas. Ba cheart don údarás a dhéanann an iarraidh freagra a thabhairt ar aon iarraidh ar shoiléiriú den sórt sin gan moill mhíchúí. I gcás go lorgáitear soiléirithe, ba cheart tús a chur leis an tréimhse ama faoi mhíreanna 16 agus 18 tar éis don údarás a dhéanann an iarraidh na soiléirithe a chur ar fáil.

## Rúndacht

20. Ba cheart d'údaráis inniúla déileáil leis an bhfaisnéis uile a fhaightear i gcomhréir leis na Treoirí seo mar fhaisnéis rúnda agus déileáil léi i gcomhréir le rúndacht ghairmiúil agus le ceanglais maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme.

## Teideal IV – Forálacha críochnaitheacha agus cur chun feidhme

21. Beidh feidhm ag na Treoirí seo ón 17.02.2025, cé is moite de na nithe seo a leanas:

- a. míreanna 4, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17, 18, 19, a mbeidh feidhm acu ón 15 Bealtaine 2025 maidir le measúnuithe ar dhaoine nádúrtha, agus ón 30 Aibreán 2026 maidir le measúnuithe ar dhaoine dlítheanacha;
- b. mír 7.2 (a-e), a mbeidh feidhm aici ón 30 Eanáir 2026.

22. Ba cheart d'údaráis inniúla na sonraí stairiúla atá ar fáil maidir le daoine nádúrtha le cúig bliana anuas, arna ríomh ó dháta chur i bhfeidhm na dTreoirí seo, a áireamh sa Chóras Faisnéise ÚMEnna faoin 15 Bealtaine 2025.

23. I gcás nach bhfuil pointí sonraí aonair don duine nádúrtha ar fáil, e.g. dáta breithe nó áit bhreithe, a shonraítear faoi mhír 7.1, ba cheart do na húdaráis a dhéanann an iarraidh agus do na húdaráis a fhaigheann an iarraidh a áirithiú ar bhealaí eile go bhfuil an fhaisnéis ba cheart a sholáthar ábhartha don mheasúnú ar an duine leasa.

24. Ba cheart d'údaráis inniúla na sonraí stairiúla atá ar fáil maidir le daoine dlítheanacha don dá bhliain dheireanacha arna ríomh ón 30 Eanáir 2026 a áireamh sa Chóras Faisnéise ÚMEnna faoin 30 Aibreán 2026. In éagmais LEI le haghaidh daoine dlítheanacha, ba cheart uimhreacha clárúcháin eile (e.g. ó chlár lárnach, ó chlár tráchtála, ó chlár cuideachtaí nó ó chlár poiblí comhchosúil) agus ina theannta sin an tír chorpraithe a ionchur sa Chóras Faisnéise ÚMEnna.